2016. M 7

Coimisiún na Scrúduithe Stáit

SCRÚDUIMHIR

Stampa an Ionaid

Scrúdú na hArdteistiméireachta, 2016

Gaeilge Ardleibhéal

Páipéar I (Cluastuiscint agus Ceapadóireacht)

160 MARC

Dé Luain
13 Meitheamh
Tráthnóna, 2.00 go dtí 4.20

Cuid I: Cluastuiscint (60 Marc)

Don Scrúdaitheoir	
Cuid I: Cluastuiscint	
Na hIomláin	
Cuid A, Fógra 1	
Cuid A, Fógra 2	
Cuid B, Comhrá 1	
Cuid B, Comhrá 2	
Cuid C, Píosa 1	
Cuid C, Píosa 2	
Iomlán	

Eolas	
Gaeilge	
Móriomlán	

Treoracha d'iarrthóirí

Freagair gach cuid - A, B, C - sa fhreagarleabhar seo.

Caithfidh do chuid freagraí uile sa triail seo a bheith i nGaeilge, ach amháin nuair nach gá sin.

Nuair a bheidh Cuid I, an Chluastuiscint, críochnaithe agat lean ar aghaidh agus freagair Cuid II, an Cheapadóireacht, i do fhreagarleabhar.

Cuid A

Cloisfidh tú ***dhá*** fhógra raidió sa chuid seo. Cloisfidh tú gach fógra díobh **faoi dhó**. Beidh sos ann leis na freagraí a scríobh tar éis na chéad éisteachta ***agus*** tar éis an dara héisteacht.

FÓGRA A hAON

1. **(a)** Cén eagraíocht a chuir an fógra seo amach?

_____

(b) Cén dáta a bheidh an lá speisialta seo ar siúl?

_____

2. **(a)** Cad is aidhm leis an lá seo do scoláirí dara leibhéal?

_____

(b) Cén táille a bheidh le híoc ag gach scoláire?

_____

3. Cén úsáid a bhainfear as an airgead a bhaileofar?

_____

FÓGRA A DÓ

1. **(a)** Cén cúrsa céime atá luaite san fhógra?

_____

(b) Cá bhfuil Acadamh na hOllscolaíochta suite?

_____

2. Scríobh síos an **dá** scil a mhúinfear i rith an chúrsa.

(i) _____

(ii) _____

Cuid B

Cloisfidh tú ***dhá*** chomhrá sa chuid seo. Cloisfidh tú gach comhrá díobh **faoi dhó**. Cloisfidh tú an comhrá ó thosach deireadh an chéad uair. Ansin cloisfidh tú ina ***dhá*** mhír é. Beidh sos ann leis na freagraí a scríobh tar éis gach míre díobh.

COMHRÁ A hAON

An Chéad Mhír

1. Cén fáth a bhfuil aiféala ar Sheán anois i ndiaidh na scrúduithe?

_____

2. Luaigh an **dá** bhuntáiste a bhaineann leis an Idirbhliain, dar le Clíona.

(i) _____

(ii) _____

3. Cá fhad a chaith Clíona sa Ghaeltacht i mBaile Bhuirne?

_____

An Dara Mír

1. Cén chuimhne is mó atá ag Clíona ar an Idirbhliain?

_____

2. Bhí feachtas bailithe airgid ar siúl i scoil Chlíona. Cé mhéad airgid a bailíodh?

_____

3. Scríobh síos ceann **amháin** de na himeachtaí a eagraíodh i scoil Chlíona chun airgead a bhailiú.

_____

COMHRÁ A DÓ

An Chéad Mhír

1. Cad a bhí ar siúl ag Máire ag an gclub rugbaí aréir?

_____

2. Cén fáth a raibh Máire an-neirbhíseach?

_____

3. Bhí comórtas Chorn an Domhain sa rugbaí go hiontach, dar le Liam.
Tabhair **dhá** chúis lena thuairim.

(i) _____

(ii) _____

An Dara Mír

1. Scríobh síos **dhá** chúis nach raibh imreoirí na hÉireann go léir ar fáil don chluiche i gcoinne na hAirgintíne, dar le Máire.

(i) _____

(ii) _____

2. Cén chéim a thosaigh Paul O'Connell in Ollscoil Luimnigh?

_____

Cuid C

Cloisfidh tú ***dhá*** phíosa nuachta sa chuid seo. Cloisfidh tú gach píosa díobh **faoi dhó**. Beidh sos ann leis na freagraí a scríobh tar éis na chéad éisteachta ***agus*** tar éis an dara héisteacht.

PÍOSA A hAON

1. Cad a cheadaigh Aire Stáit na Gaeltachta don ghrúpa, An Crann Óg?

_____

2. Cén fáth ar chuir an comharchumann áitiúil campa samhraidh ar siúl do dhaoine óga?

_____

3. Luaigh **dhá** phointe eolais faoin mbliain ghnóthach a bhí ag an ngrúpa seo sa bhliain 2015.

(i) _____

(ii) _____

PÍOSA A DÓ

1. Cár rugadh Micheál Ó Cearna?

_____

2. Cén fáth ar moladh Micheál Ó Cearna nuair a fuair sé bás?

_____

3. Luaigh gné **amháin** de shaol na n-oileánach atá le feiceáil sna taispeántais san ionad seo.

_____

Cuid II: Ceapadóireacht

(100 Marc)

Treoracha d'iarrthóirí

Ní mór do na hiarrthóirí cúram a dhéanamh de chruinneas na teanga.

Caillfear marcanna má bhítear faillitheach ann.

Ní mór ceangal cinnte leanúnach a bheith ann idir an teideal a roghnaítear agus an t-ábhar a scríobhtar.

CEAPADÓIREACHT 100 MARC

Freagair do rogha CEANN AMHÁIN de ***A, B nó C*** anseo thíos.
Nóta: Ní gá níos mó ná 500-600 focal nó mar sin a scríobh i gcás ar bith.

A – AISTE **nó** ALT NUACHTÁIN / IRISE – **100 marc**

Scríobh AISTE **NÓ** ALT NUACHTÁIN / IRISE ar CHEANN AMHÁIN de na hábhair seo.

(a) Fadhb mhór idirnáisiúnta sa lá atá inniu ann.
(b) Saol na tuaithe in Éirinn faoi láthair.
(c) Cultúr na ndaoine óga.
(d) Éireannaigh agus an imirce inniu.
(e) Comóradh Éirí Amach na Cásca 1916.

B – SCÉAL – **100 marc**

Ceap SCÉAL a mbeadh do rogha CEANN AMHÁIN díobh seo oiriúnach mar theideal air.

(a) Iontas.
(b) Is fearr an tsláinte ná na táinte.

C – DÍOSPÓIREACHT / ÓRÁID – **100 marc**

Freagair do rogha CEANN AMHÁIN díobh seo.

(a) Scríobh *an chaint* a dhéanfá i ndíospóireacht scoile ar son an rúin seo a leanas **nó** ina aghaidh:

Bíonn saol breá ag na daoine aosta in Éirinn.

(b) Tá tú i do Theachta Dála nua. Iarradh ort píosa cainte a dhéanamh ar chlár raidió ar an ábhar seo:

Na pleananna atá agam do mo théarma sa Dáil nua.

Scríobh an *píosa cainte* a dhéanfá ar an ábhar sin.

Leathanach Bán